

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht ar chúrsa
i gColáiste Gaeilge**

TUAIRISC

**Coláiste na Rinne
An Rinn, Dún Garbhán
Contae Phort Láirge
Cód tagartha: CGM181**

Dáta na cigireachta: 13 Iúil 2017



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

RÉAMHRÁ

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe de chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge gach bliain thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Eascraíonn an tuairisc ar an gcúrsa Gaeilge seo as breathnóireacht ar theagasc, foghlaim agus imeachtaí cultúrtha, as idirghníomhú le scoláirí agus comhphlé leis an mbainistíocht, agus as iniúchadh ar cháipéisíocht ábhartha.

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le trí mhór-réimse den soláthar agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an choláiste i ngach réimse.

Tugadh deis do choiste stiúrtha an choláiste Gaeilge ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an choiste stiúrtha ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

ACHOIMRE AR CHINNTÍ AGUS MOLTAÍ LE HAGHAIDH TUILLEADH FORBARTHA

Príomhchinntí

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith i dtromlach na gceachtanna agus bhí láidreachtaí suntasacha le feiceáil sa chuid eile díobh.
- Bhí cuid den chleachtas ranga faoi réir ag modhanna teagaisc ina raibh guth an mhúinteora rólárnach agus ról na scoláirí tánaisteach.
- Bhain cáilíocht an-mhaith le heispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge ar an gcúrsa.
- Bhain ardeagar le himeachtaí na hiarnóna; bhí an Ghaeilge in uachtar i measc an uile ghrúpa le linn na n-imeachtaí.
- Bhí ceannaireacht agus bainistíocht an chúrsa ar ardcháilíocht.
- Bhí foireann stiúrtha an choláiste airdeallach ar mholtaí cigireachta a rinneadh cheana.

Príomh-mholtaí

- I ranganna na maidine, b'fhéarr go mór comhthéacs fírinneach cumarsáide a cheapadh d'fhonn aird a dhíriú ar ghnéithe den ghramadach seachas an ghramadach fhoirmeálta a bheith mar chroílár an cheachta.
- Ba chóir an cur chuige cumarsáide a chleachtadh níos mó leis na scoláirí i ranganna na maidine de rogha ar an gcur chuige traidisiúnta oide-lárnach.
- Ba cheart breacadh nótaí agus scríobh na teanga a bheith ina chleachtas imeallach i ranganna na maidine agus díriú i bhfad níos mó ar inniúlacht labhartha na scoláirí a chleachtadh agus a fhorbairt.

1. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA

- Bhí cáilíocht an teagaisic agus na foghlama go maith i dtromlach na gceachtanna; bhí láidreachtaí suntasacha le feiceáil sa chuid eile.
- Bhí príomhaidhm an chúrsa le moladh, mar atá, grá agus taitneamh don Ghaeilge a chothú.
- Bhí plean an chúrsa teagaisic go han-mhaith maidir le treoir do ranganna na maidine agus tús áite a thabhairt do labhairt na teanga agus an t-ábhar a bheith suimiúil. Dá chomhartha seo, bhí pictiúir de phearsana aitheanta teilifíse mar spreagadh don phlé.
- Bhí Gaeilge chruinn ag na múinteoirí agus bhíothas airdeallach ar an bhfeasacht teanga a chur ar a súile do na scoláirí agus a chleachtadh.
- Sna ceachtanna ba mhó a raibh rath orthu, bhí cur chuige bríomhar spreagúil, cumarsáideach á chleachtadh agus bhí an difreáil le feiceáil san fhorbairt a rinneadh ar réimse foclóra. Léiríodh cad ba chainteoir bunúsach ann, cad ba chainteoir líofa agus cad ba chainteoir ardinniúil. Cuireadh dúshlán cuí breise roimh na scoláirí ba chumasáí.
- Bhí claonadh in áiteanna ceart na teanga a chleachtadh i gcomhthéacsanna a bhí saorga agus beag beann ar chomhthéacs fírinneach cumarsáide. B'fhearr comhthéacs fírinneach cumarsáide a cheapadh agus aird a dhíriú ar ball ar ghnéithe den ghramadach seachas an ceacht a bheith gafa le pointí gramadaí amháin.
- I gcásanna áirithe, bhí leagan amach ranganna na maidine rócheangailte le ranganna foirmeálta de ré eile ina raibh an múinteoir rólárnach sa cheacht agus ina raibh ról tánaisteach ag na scoláirí mar éisteoirí seachas mar rannpháirtithe. Moltar an cur chuige cumarsáide de rogha ar an gceacht oide-lárnach.
- Bhí an fócasghrúpa de scoláirí thar a bheith moltach ar a dtaithe ar an nGaeilge a labhairt go rialta in imeachtaí uile an choláiste.
- Bhí acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar fáil; b'fhiú iad a chur chun leasa na foghlama i bhfad níos mó.

2. CÁILÍOCHT EISPÉIREAS NA SCOLÁIRÍ AR THEANGA AGUS CULTÚR NA GAEILGE

- Bhain cáilíocht an-mhaith le heispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge cé nach raibh an teagmháil phearsanta le muintir na háite ar fáil ach don bheagán toisc 95% díobh a bheith ag cur fúthu sa choláiste. Ar lóistín lasmuigh a bhí an 5% eile.
- Bhí an fheasacht chultúrtha mar chuid dhílis d'imeachtaí agus d'éiteas an chúrsa, sna fógraí agus sna grianghraif a bhí ar crochadh agus a lárnaí is a bhí Leabharlann de Hindeberg, acmhainn thaighde an choláiste ar léann agus saíocht na Gaeilge.
- Bhain ardeagar le himeachtaí na hiarnóna. Tugadh suntas dá eagraithe is a bhí na cinnirí ina riar seo agus thar aon ní don taitneamh ar léir do na scoláirí a bheith á bhaint astu.
- Ba é ba thairbhí faoi na himeachtaí iarnóna ná an fonn a bhí ar na scoláirí ar fad páirt a ghlacadh iontu, iad siúd a bhí tugtha don spórt chomh maith leis na scoláirí eile a ghlac páirt ar mhaithe le spraoi. Chualathas an Ghaeilge in uachtar i measc an uile ghrúpa agus na cinnirí ag cuidiú leo lena spreagadh chun spóirt agus ag soláthar foclóra dóibh.
- Bhíothas an-tógtha le cáilíocht Ghaeilge labhartha na gcinnirí ar fad, leis an bhfuinneamh a chuir siad isteach sna himeachtaí agus an spreagadh a thug siad do na scoláirí. Bhí dea-atmaisféar den scoth i réim agus an Ghaeilge á labhairt go saoráideach ag na scoláirí.
- Bhí léiriú ar scileanna na hiomána ar cheann d'imeachtaí na hiarnóna a raibh an-tóir air. Chuir an scothléiriú ón teagascóir ar chleachtadh na scileanna sin agus an deis le héisteacht le plé agus treoracha i nGaeilge uaidh go mór le taitneamh agus eispéireas cultúrtha na scoláirí.

3. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA

- Bhí ceannaireacht agus bainistíocht an chúrsa ar ardcháilíocht; bhí an-ord agus eagar ar chúrsaí riaracháin; bhí fáil ar na mórpholasaithe riachtanacha go tráthúil.
 - Bhí cothromaíocht an-mhaith ar an gcúrsa idir bhuachaillí agus chailíní, 45% agus 55% faoi seach. Chuir an chothromaíocht seo go mór leis an idirghníomhaíocht agus le dinimic na ranganna agus na n-imeachtaí iarnóna.
 - Bhí cur chuige teagmhálach ann ón gcoiste stiúrtha faoina raibh ball sinsearach i láthair i rith an ama mar thaca don phríomhoide.
 - Bua de chuid an chúrsa ó thaobh chur chun cinn na teanga leis na scoláirí ba ea foireann bhuan an choláiste. Is ann don fhoireann sin a bhuíochas ar chúrsaí Gaeilge éagsúla a bheith á reáchtáil ann ó cheann ceann na bliana. Bhí foireann chúnta an choláiste, an fhoireann rúnaíochta agus lónadóireachta an-chuiditheach don atmaisféar lán-Ghaeilge a choimeád i réim.
 - Bhí údaráis an choláiste airdeallach ar mholtaí a rinneadh sa tuairisc chigireachta ba dhéanaí maidir le cur le hacmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) i ranganna na maidine. Ba theoranta an úsáid a baineadh astu áfach sna ranganna a breathnaíodh cé gur nótladh go mbaintear úsáid as na hacmhainní seo.
 - Thug údaráis an chúrsa Gaeilge deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag coiste stiúrtha an choláiste le polasaí maidir le caomhnú leanaí, faoi mar a éilíonn na forálacha i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011), agus go bhfuil cleachtas an chúrsa Gaeilge ag teacht lena n-éilítear faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011)
 - Deimhníodh go raibh cóip den ráiteas sláintíochta agus slándála, cód iompraíochta agus polasaí frithbhulaíochta ar fáil. Bhí oifigeach sláinteachais agus slándála cláraithe i bplean an choláiste don chúrsa Gaeilge.
-

CONTANAM CÁILÍOCHTA NA CIGIREACHTA

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa choláiste Gaeilge agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a mbaineann cigirí feidhm aisti nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an choláiste i gcás gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith ; ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar shárchaighdeán, le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Go maith	Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith ; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil ; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann ná láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha , laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na scoláirí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag ; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

Aguisín

Freagra an Choláiste Gaeilge ar an Tuairisc

**Arna chur isteach ag Coiste Stiúrtha an
Choláiste**

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce ar an gcúrsa Gaeilge

Fáiltíonn Coiste Bainistíochta Choláiste na Rinne roimh an tuairisc chuimsitheach seo ón gCigireacht ar obair an Chúrsa. Is teistiméireacht chothrom, chruinn í ina dtugtar aitheantas don mhórchuid gnéithe dearfacha a ghabhann le hobair na gcúrsaí. Tá an-chrediúint ag dul do gach uile dhuine d'fhoireann an Choláiste as ucht a ndícheall a dhéanamh i gcónaí ar mhaithe leis na páistí a fhreastalaíonn ar na cúrsaí agus a gcuid iarrachtaí maidir le barr feabhais a bhaint amach i ngach gné den obair.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tabharfar aghaidh ar mholtaí na tuairisce san obair réamhphleanála a bheidh ar siúl i gcaitheamh na bliana agus sinn ag ullmhú don bhliain seo chugainn.

